Whelton, M., 'Léirmheas ar *The pearl of the kingdom: A study of A fhir léghtha an leabhráin bhig by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Ailbhe Ó Corráin).' *Studia Hibernica* 40, 2014, 220-222. Foilsithe. Achoimre an Údair. © Cóipcheart an Léirmheasa: *Studia Hibernica*.

# Achoimre / Abstract

## Léirmheas ar *The pearl of the kingdom: A study of A fhir léghtha an leabhráin bhig by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Ailbhe Ó Corráin)

Novus Press, Osló, 2013. Pp 67.
ISBN 978-82-7099-718-3.

Léirmheas le Marie Whelton,
Institiúid Oideachais Marino

Sa léirmheas seo féachtar ar *The pearl of the kingdom: A study of A fhir léghtha an leabhráin bhig by Giolla Brighde Ó hEódhasa* le hAilbhe Ó Corráin. Grinnanailís thuisceanach ar dhán amháin atá sa leabhar-aiste seo le hAilbhe Ó Corráin. Mar bhrollach ar *An Teagasc Críosdaidhe* le Giolla Brighde Ó hEódhasa a foilsíodh an dán ar dtús in Antwerp, sa bhliain 1611. Tá aiste Uí Chorráin bunaithe ar Léacht Marstrander 2011 agus, dá bhrí sin, ba mharcáil ómósach thráthúil í an léacht ar cheithre chéad bliain ó chéadfhoilsiú an dáin. Féachann scoláirí ar *An Teagasc Críosdaidhe* mar leabhar a bhfuil comharthaí sóirt de chreideamh na heaglaise iar-Thriontaí le léamh go sonraíoch air. Thar aon ní eile, léiríonn aiste Uí Chorráin go bhfuil na comharthaí sóirt sin le feiceáil, freisin, ar ábhar agus ar theicnící liteartha an dáin bhrollaigh.